

TAOBH ISTIGH

Comórtas Ceoil 2

First Lego League 2

Lógó do Phlean 2
Teanga an Spidéil

Cursaí Spóirt 3

Turas go "Ice-Factor" 3

Comórtas "Google" & Oilimpiad 4
Matamaitice na hÉireann

Oíche Oscailte & Dataí don dialann 4

Coláiste Chroí Mhuire

E A G R Á I N 4

E A N A I R 2012

Focal ón Príomhoide

Cuirim fáilte ó chroí roimh an eagrán is déanaí de nuachtlitir na scoile. Tugann foilsíúchán mar seo deis dúinn ar fad breathnú siar ar na rudaí éagsúla a bhí ar bun sa scoil le linn an chéad téarma, agus iad a cheiliúradh arís. Tréaslaím le Bean Uí Choileáin a chuir an nuachtlitir seo le chéile do phobal na scoile.

Tá grúpa nua tosaithe linn agus d'fhág muid slán le grúpa eile mar is gnáth. Is cóir comhghairdeachas a dhéanamh le rang na hArdteiste 2011, tá súil agam go bhfuil siad sona ins na cursaí atá roghnaithe acu, tá a fhios agam ó bheith ag caint le cuid acu atá in Ollscoil na Gaillimhe gur mhór an cúnamh agus an tacaíocht dóibh an oiread sin de rang CCM 2011 a bheith in éineacht leo. Tá grúpa sách mhór sa GMT freisin, rud a dhéanann aistriú go tríú léibhéal níos éasca, ceapaim. Comhghairdeachas freisin do **Jack Ó Broin** a shaothraigh scoláireacht Ollscoil Luimnigh, tá súil agam go bhfuil sé féin agus Úna Ní Shúilleabháin ag baint sult as a gcuid cursaí ansin. Tréaslaím freisin le rang na

Teastais Sóisearaigh 2011, ar éirigh go h-an mhaith leo ina gcuid scrúdaithe, is mór an cúnamh é Teastas Sóisearach láidir a bheith agaibh agus sibh ag tabhairt faoi chúrsa na hArdteiste.

Ar ndóigh cuireann muid fáilte roimh an gCéad bhliain atá socruithe isteach sa scoil, agus atá rannpháirteach in imeachtaí éagsúla na scoile, ó FLL (First Lego League), Pheil, Iománaíocht agus cispheil go Cóir Waltons, i measc rudaí eile. Is deas an grúpa sibh, agus tá súil againn go rachaidh sibh ó neart go neart agus sibh mar chuid de CCM.

Fáiltím roimh na forbairtí nua atá againn i mbliana, idir an seomra ríomhaireachta nua, an chúirt Liathróid láimhe, an fhoireann díospóireachta,

an FLL agus Cóir Waltons atá luaite agam cheana, agus a mbeidh sibh ag léamh mar gheall orthu ar ball.

Guím gach rath ar fhoireann, ar dhaltai agus ar thuismitheoirí na scoile agus glacaim buíochas libh as ucht bhur gcuid tacaíochta agus cúnamh anois agus i gcónaí

Triona Uí Mhurchú



D'éirigh le Michelle Ní

Chéidigh a d'fhreastal ar Choláiste Chroí Mhuire anuraidh an marc is airde a fháil in Éirinn sa scrúdú Eacnamaíocht Bhaile, gnáth-leibhéal san Ardteist 2011. Chuaigh Michelle agus a clann go dtí an Chomhdháil Náisiúnta do mhúinteoirí Eacnamaíocht Bhaile i mBaile Átha Cliatha i mí Dheireadh Fomhair. Bronnadh duais uirthi anseo. Sa phictiúr leí tá a múinteoir, Fionnuala Ní Ráinne. Comhghairdeachas leis an mberit acu.



Hannah Madden Egan ón 4ú Bl a fuair 9"A" agus 2 "B" sa teastas sóisearach anuraidh. Maith thú Hannah!

Bailiúcháin Naomh Uinsinn de Pól



Tuigimid ar fad cé chomh deacair agus tá an saol do dhaoine faoi láthair. I mbliana rinne an scoil an-iaracht diriú isteach ar na ndaoine sa sochaí atá faoi

mhíbhuntáiste. D'eagraigh **Iníon Ní Bhearsalaigh** go leor imeachtaí le h-airgead a bhailiú do Naomh Uinsinn de Pól. I measc na n-imeachtaí sin bhí bailiúcháin bia, lá a d'óc na daltaí as hata santa a chaitheamh agus chuaigh lucht na hidirbliana ag canadh cearúil faoi Nollag I Máigh Cuillinn agus sa Spidéil. Taifeadadh é seo agus bhí sé ar chlár Shéan Bán

Breathnach ar Raidió na Gaeltachta an lá sin.

Thug **Iníon Ní Ráinne** tacaíocht dí freisin trí dhíolacháin cácaí a eagrú. Bailíodh breis is €850. Ba mhaith linn buíochas a ghhlacadh le gach duine a chabhraigh ar bealach ar bith leis na himeachtaí siúd.

Comórtas Ceoil: “Walton’s Music for Schools”



ghlacadh le **Jusin McCarthy** a bhí sásta teacht chuig an scoil agus cabhrú leo. Ár ndóigh bhí **In Ní Vecey** ag coinneáil súil ar gach rud a bhí ag tarlú agus ag tabhairt cúnamh agus comhairle. Seoltar é seo chuig breithimh an chomórtais. Ba cheart go mbeadh Síofra, Ferdia agus na ceoltóirí eile ar fad(daltaí ó chuile bhliain sa scoil) an-bhróidiúl astu fhéin ó thaobh an taifeadadh iontach a chur siad le chéile. Má éiríonn go maith leo, beidh siad ag seinm sa Cheoláras Náisiúnta. Beidh na torthaí ar fail ar an 23 Márta. Go n-éirí libh!

Sa chéad téarma i mbliana, d’eagraigh berit dalta scoile, **Síofra Ní Chonluain & Ferdia Mac Aonghusa**, tionscnamh ceoil don chomórtas Walton’s Music for Schools. Chuir siad le chéile cóir agus banna seisear mball chun an amhráin “Rolling in the deep” le Adele a thaifeadadh. Rinne siad a leagan féin den amhrán ó thaobh armón agus ionstraimí. Rinne an grúpa ar a dtugtar “Nasc Ceol” taifeadadh den amhrán agus ba mhaith leis an scoil ár mbuíochas a



FLL(First Lego League)

Is rud nua dúinn a bheith bainteach leis an gcomórtas seo, agus táimid thar a bheith sásta a bheith rannpháirteach ann. Is éard atá i gceist ná go dtógfadh na daltaí robot agus structúir éagsúla atá déanta as legó. Ina dhiaidh sin, agus iad ag baint úsáid as clár ríomhaireachta, cuirtear an robot ag déanamh tascanna faoi leith, atá sách casta i ndáiríre. Chomh maith le sin tá tionscnamh taighde le déanamh ag na daltaí, agus i

mbliana tá siad ag díriú isteach ar bhia na mara don tionscnamh sin. Is iad baill na foirne FLL ná **Oisín Baircér, Eoghan Scott, Caoilfhionn Ní Chomhain, Marie Ní Fhlannacha, Camille Casburn-Trahan** agus **Emer ní Dhonnachadha** as an gcéad bhliain, agus is é an **Máistir Ó Conchubhair** atá á dtreorú ag am lóin agus tar éis am scoile. Iarradh ar an ngrúpa taispeántas a

dhéanamh ag an ‘Aonach Eolaíochta & Teicneolaíochta’ a bhí ar siúl le déanaí in Ollscoil na Gaillimhe, agus tá griangraf de sin le feiceáil thíos. Guíonn muid gach rath orthu sa chomórtas san athbhliain.



Maire Eilís Ní Fhlatharta ‘Ros na Rún’, le grúpa daltaí agus le Gloria Donovan, tuismitheoir, ag seoladh oifigiúil an scannán ‘Ó Iarthar go hIarthar’, scannán a rinne daltaí na hIdirbliana 2010/2011 nuair a bhí siad i Zambia.



Lógó do ‘Phlean Teanga an Spidéil’

Bhronn Glór na nGaedhael duais ar **Natasha Ní Ghamhnáin** as an Ardeist ag ócáid a bhí in Óstán na Páirce i mí na Samhna. Dhear Natasha lógó don phlean teanga atá curtha le chéile ag muintir an Spidéil. Ba é **Colm Ó Cinnseala** a bhí mar áisitheoir ar chur le chéile an phleain, a

rinne an bronnadh ar son ‘Glór na nGaedhael’.

Mar a dúirt Colm ina óráid ar an oíche, is í Natasha agus óige an cheantair todchaí na Gaeilge sa cheantar, agus is álainn an rud é

go raibh baint lárnach acu leis an taighde agus leis an lógó. Nár laga Dia thú a Natasha, agus go n-éirí go geal leis an bhfeachtas chun aidhmeanna an phleain a chur i gcrích agus an Ghaeilge a threisiú sa cheantar.

Cursaí Spóirt



Foireann Sinsir Peile na Scoile tar éis a mbua le gairid i gCraobh na gColáistí Chonnacht. Beidh siad i gcoinne Scoil Phobal an Chlocháin sa chéad bhabhta eile i mí Eanáir

Don chéad uair i mbliana, tá lucht na hIdirbhlana ag déanamh Judo le Máistir Ó Conláin. Tugann siad faoi seo ar bhonn leanúnach agus más mian leo beidh deis acu grádáil a dhéanamh ag deireadh na bliana. Is mór an bhuntáiste é don scoil go bhfuil Máistir Ó Conláin mar thraenálaí cáilithe.



Tá ag éirí go hiontach leo agus tá siad ag baint an-taitnimh as.

Comhghairdeachas le.....



Cillín Ó hEochaidh (5ú Bl) a bhí ar phanáil iománaíochta na Gaillimhe a bhuaigh craobh na hÉireann i 2011. An "Irish Press Cup" a thugtar ar an gcupán atá anseo aige. Guimíd gach ádh ar Chillín agus an fhoireann arís i 2012.



Conor Ó Cadhain (Idirbhliain) a roghnaíodh ar fhoireann Chonnachta.



Foireann Cispheile "Cadettes" na scoile a chuaigh chomh fada leis an mbabhta ceathrú ceannais i gcraobh scoileanna Mhaigh Eo agus Gaillimh. Beidh foirne cailíní ón gcéad agus dara bliain i gcomórtas go luath ins an athbhliain.

Ice-Factor


Lucht ón gcéad & an dara bhliain a thug cuairt ar "Ice Factor" i nGaillimh roimh na Nollag. Bhí trathnóna iontach acu ag scatáil, bhí siad ar fad sásta páirt a ghlacadh agus chruthaigh siad gur dream an-chróa agus misiniúil iad. Faraor, ní fhéadfá an rud céanna a rá faoi na múinteoirí a bhí in éineacht leo! Iníon Ní Chonchubhair a d'eagraigh an turas agus Bn Uí Dhiollúin & Bn Uí Choileáin a bhí leí ar an lá.



Comórtas Ealaíne “Google Doodle”



“Self-Expression” le Caitriona Ní Chéidigh



“Draíocht” le Deirdre Ní Cheoinín



“Unendless Time” le Coleen Hehir



“Mílseáin” le Antaine Mac Donnacha



“Draíocht” le Nicola Nic an Bhaird



“Brógaí” le “Mairéad Ní Ghráinne”



“Bringlóidí” le Caoimhe Bheilbigh



“Draíocht” le Ella Dowling



“Aimsir Mheasctha” le Brian Carr



“I bhfolach taobh thiar de mhasc” le Catherine Fleming

Tá an rang ceathrú bliain Ealaíne ag cur isteach ar chomórtas atá á eagrú ag an gcomhlacht “Google”. An tasc atá i gceist ná lógó (Doodle) don leathnach baile Google, a ath-dhearadh. Cuirfear doodle an dalta a bhuann an chomórtas ar leathanach baile Google Éireannach ar feadh 24 uair a chloig. Má éiríonn leo, bronnfar ríomhaire glúine ar an múinteoir (Rhona Ní Thiarnáin) agus an dalta araon. Ina theannta sin, bronnfar deontas teicneolaíochta ar fhiú €10,000 ar an scoil. Tá tallann na ndaltaí seo thar a bheith soléir ó na pictiúir iontacha seo. Bunaíodh na lógóanna ar an téama “Ba bhreá liom.....”. Go n-éireoidh libh sa chomórtas.



An t-aisteoir Meiriceánach **Don Cheadle** in éineacht le daltaí na scoile a bhí ag imirt iománíochta sa chúlra ins an scannán “The Guard”.



Oilimpiad Matamaitice na hÉireann

Ghlac scoláirí na scoile páirt i gcomórtas Oilimpiad Matamaitice na hÉireann le gairid. Beidh an triúr is fearr a rinne sa chomórtas sa scoil ag freastal ar ranganna saibhriú na matamaitice in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh i mí Feabhra 2012. Beidh an triúr sin ag glacadh páirte i mbabhtáí eile den chomórtas. An triúr a thug an lá leo sa scoil s'againne ná **Cathal Ó Cuimín (5A)**, **Tadhg Ó Conghaile (4A)** agus **Jessica Ní Ghráinne (4A)**. Go n-éirí leo!!

Dátaí don Dialann

- ✓ 23ú Eanáir : Seoladh oifigiúil shuíomh idirlín na Scoile ccm.ie.
- ✓ 23ú Eanáir : Aonach Gairmeacha
- ✓ 23ú Eanáir : Oscailt oifigiúil an tseomra Adhmadóireachta.
- ✓ 26ú Eanáir : Oíche Oscailte 7 – 9 tráthnóna.
- ✓ 8ú Feabhra : Cruinniú Tuistí/Oidí 4ú bl.
- ✓ 13 – 17ú Feabhra : Briseadh meántearma.
- ✓ Bréagscrúdaithe taréis an bhriseadh meántearma.
- ✓ 19ú Marta : Lá saoire bainc
- ✓ 2 – 13ú Aibreán : An Cháise
- ✓ 16ú – 27ú Aibreán : Béaltrialacha ardteiste/scrúdú praicticiúil ceoil/tís

Oíche Oscailte 2012

Cuirfear fáilte roimh dhaltáí nua agus a gcuid tuismitheoirí/caomhnóirí cuairt a thabhairt ar an scoil ar an **Déardaoin 26ú Eanáir, 2011**, oná seacht go dtí a naoi tráthnóna. Glacfar leis na foirmeacha cláraithe ar an oíche sin. Tosóidh an oíche le caint ón bpríomhoide/Leaspríomhoide, agus ina dhiaidh sin beidh deis ag teaghlach turas na scoile a dhéanamh.

Fón: 091-553115

Faics: 091-553412

Ríomh-phost: oifig@ccm.ie

Suíomh Idirlíne: www.ccm.ie